Cur Síos an an bPost

Leas-Stiúrthóir

Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha (NAPD)

NAPD: An Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha

Is post tábhachtach ceannaireachta de chuid an Chumainn an post Leas-Stiúrthóir an **NAPD**..

Cuspóirí an Chumainn

Leagtar amach sa Mheabhrán Comhlachais na cuspóirí dar bunaíodh an **NAPD**:

(a) Chun guth aontaithe a chur ar fáil go náisiúnta do Phríomhoidí agus do Phríomhoidí Tánaisteacha a bhfuil na hábhair chéanna ag déanamh imní dóibh.

(b) Leas na bPríomhoidí agus na bPríomhoidí Tánaisteacha a chur chun cinn trína:

- Chinntiú go n-aithnítear Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha mar chomhpháirtithe oideachais agus go ndéantar ionadaíocht ar a son ó cheart ar gach comhlacht áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta ábhartha, reachtúil agus neamhreachtúil araon.

- Chinntiú go rachfar i gcomhairle le Príomhoidí agus le Príomhoidí Tánaisteacha ar gach ábhar atá ábhartha, agus go háirithe maidir le tionscnaimh nua a mbeidh tionchar acu ar na róil atá acu.

- Dearcthaí Phríomhoidí agus Phríomhoidí Tánaisteacha a chur in iúl don Roinn Oideachais agus Scileanna agus do na páirtithe leasmhara agus comhlachta ábhartha eile ar fad.

(c) Ceannaireacht a léiriú maidir le beartas oideachais a cheapadh.

(d) Forbairt ghairmiúil agus forbairt phearsanta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha a chur chun cinn.

(e) Chun forbairt struchtúr inmheánach bainistíochta scoile sásúil a chur chun cinn le go mbeifear in ann beartais scoile a chur i bhfeidhm go rathúil.

(f) Comhairle/tacaíocht a chur ar fáil do Phríomhoidí agus do Phríomhoidí Tánaisteacha trí rúnaíocht agus trí sheirbhísí riaracháin.

(g) Oiliúint chuí agus ábhartha a chur ar fáil.

(h) Cur chuige atá réamhghníomhach agus idirghníomhach a ghlacadh chun an ghné idirnáisiúnta agus an ghné Eorpach a fhorbairt i scoileanna.

(i) Comhoibriú agus cuairteanna cómhalartacha a chur chun cinn idir bhaill NAPD agus Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha in Éirinn, san Eoraip agus sa chuid eile den domhan.

(j) Comhpháirtíocht a chothú idir Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha i ngach scoil dara leibhéal.

Tréithe Pearsanta an Leas-Stiúrthóra

Beidh na tréithe seo a leanas ag an iarrthóir a n-éireoidh leis an post Leas-Stiúrthóir a bhaint amach:

- Sárscileanna idirphearsanta idirbheartaíochta agus cumarsáide, lena n-áirítear ábalta déileáil leis na meáin agus buneolas ar an nGaeilge
- Ábalta breithiúnais mhaithe agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh a bheidh chun leasa Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha.
- Cumas ceannaireachta, eagraíochtúil agus riaracháin a chruthú (5 bliana taithí ar a laghad)
- Ábalta a bheith fuinniúil i dtimpeallacht ina bhfuil béim mhór ar bheartais.
- Sáreolas ar chóras oideachais na hÉireann agus ar chreata reachtacha
- Ábalta ICT a úsáid go héifeachtach

Ról an Leas-Stiúrthóra

- Aidhmeanna agus cuspóirí an **NAPD** a chur chun cinn agus a fhorbairt
- Seirbhísí eolais agus comhairliúcháin a chur ar fáil do gach ball den **NAPD**
- Tacaíocht faoi leith a chur ar fáil do Phríomhoidí nuacheaptha agus do Phríomhoidí Tánaisteacha nuacheaptha
- Freastal ar riachtanais Phríomhoidí agus Phríomhoidí Tánaisteacha ar bhonn leanúnach agus páipéir bheartais a fhorbairt nuair is gá
- Tacú leis na hUachtaráin, an Stiúrthóir agus le baill an Fheidhmeannais Náisiúnta ina gcuid ról faoi seach
- Cinntí Feidhmiúcháin a chur i bhfeidhm i gcomhchomhairle leis an Stiúrthóir agus iad a thuairisciú chuig an bhFeidhmeannas Náisiúnta.
- Dualgais eile a chur i gcrích de réir mar a shocróidh an Feidhmeannas Náisiúnta

- Dul i gcomhairle leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, le Ranna eile stáit de réir mar is gá, leis na Comhpháirtithe Oideachais ar fad agus le comhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta ábhartha eile

- A chinntiú go ndéantar ionadaíocht ar aidhmeanna agus ar dhearcthaí an Chumainn i ngach fóram cuí.

- A bheith rannpháirteach i bhfoilseacháin do bhaill

- Cumarsáid idir na baill a fheabhsú trí thacaíocht a thabhairt do struchtúr réigiúnach an Chumainn

- A bheith ar fáil do gach Coiste de chuid **NAPD,** lena n-áirítear **NAPD-Ar Scor.**

- Oibriú leis an Stiúrthóir chun Oifig Náisiúnta an Chumainn a bhainistiú (lonnaithe i mBaile Átha Cliath)

- Oibriú leis an Stiúrthóir chun cúrsaí airgeadais an Chumainn a bhainistiú don iniúchadh bliantúil

- Urraíocht a lorg i gcomhar leis an gCoiste Airgeadais

Agallamh: Nósanna Imeachta Ginearálta

1. Gearrliostú

D'fhéadfaí iarrthóirí a ghearrliostú le haghaidh agallaimh bunaithe ar an eolas a chuirtear ar an bhFoirm Iarratais

2. Cur i Láthair

Tugtar cuireadh d'iarrthóirí cur i láthair a dhéanamh maidir lena bhfís do **NAPD** (10 nóiméad ar a mhéad)

3. An Próiseas Agallaimh

D'fhéadfaí plé níos mionsonraithe a dhéanamh ar aon ní a bheidh ar an bhfoirm Iarratais nó ar aon ní a luadh sa chur i láthair. (Tabhair ar aird: ba chóir gach eolas atá ábhartha a chur ar an bhfoirm iarratais)

4. An Bord Agallaimh

Déanfar Bord Neamhspleách Agallaimh ar a mbeidh triúr a cheapadh. Beidh Uachtarán **NAPD** i láthair mar bhreathnóir

5. Ceapachán

Ceapfar Leas-Stiúrthóir ar feadh tréimhse cúig bliana ar iasacht. Áireofar leis seo bliain amháin mar thréimhse promhaidh.